AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

**Chuig Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Múinteoireachta i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Leabharlann**

# Comórtas uile-oileáin staire 'Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain' do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna

## Éire 2016

## 1. Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain

Tá an tréimhse 2012-2022 á catagóiriú mar 'deich mbliana de chomóradh céad bliain' óir is lena linn atá comóradh céad bliain roinnt imeachtaí tábhachtacha stairiúla a tharla le linn na tréimhse seo agus a raibh ról ríthábhachtach acu i gcruthú agus i múnlú Éire an lae inniu.

Mar chuid de 'deich mbliana de chomóradh céad bliain', tá cuireadh ar dhaltaí i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil ar oileán na hÉireann, i scoilbhliain 2015-16, dul san iomaíocht sa tríú comórtas uile-oileáin staire do scoileanna. I mbliana tá baint ar leith ag na téamaí a roghnaíodh le himeachtaí 1916 ar fud oileán na hÉireann.

## 2. An comórtas uile-oileáin staire do scoileanna

Is iad an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (DENI), Cló Mercier agus Scoil Staire Choláiste na hOllscoile, Corcaigh atá ag urrú an chomórtais uile-oileáin staire do scoileanna, 'Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain'. Tá 'History Ireland' ag tacú leis freisin.

I mbliana, ag leibhéil na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta araon, beidh catagóirí ar leith ann do thionscadail ar cheann ar bith de na téamaí seo a leanas:

- Éirí Amach 1916 – staidéar ar na himeachtaí féin, ar ghné díobh nó ar dhuine/eagras ar leith a bhain leo.

- Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda – staidéar ar thaithí na hÉireann ar an gcogadh ó pheirspictíocht duine aonair nó grúpa. D'fhéadfadh fócas ar chath ar leith a bheith i gceist nó tréimhse iomlán 1914-1918 a mheas.
- stair na mban in Éirinn i ré na réabhlóide – staidéar ar dhuine aonair/ghrúpa/eagras/ghluaiseacht shuntasach a bhí ag iarraidh cáilíocht shaol na mban a fheabhsú in Éirinn i dtréimhse 1912-1922.
- téama staidéar áitiúil/réigiúnach ó chéad bliain ó shin – staidéar ar eachtra ar leith staire a chuaigh i bhfeidhm ar do cheantar nó ar do réigiún féin i dtréimhse 1912-1922.

Tá an comórtas oscailte do gach bunscoil agus iar-bhunscoil ar fud an oileáin. Féadann rang, grúpa daltaí nó dalta aonair tionscadal a chur isteach. Beidh na mionsonraí ar fad agus an teimpléad den bhileog chumhdaigh do na tionscadail ar fáil le híoslódáil ag www.education.ie/historycompetition. Is é an 4ú Márta 2016 an dáta deiridh agus bronnfar gradaim i mí na Bealtaine 2016. Is féidir tuilleadh ceisteanna a chur chuig historyaward@mercierpress.ie.

Is é cuspóir an chomórtais uile-oileáin staire do scoileanna cur leis an gcuraclam staire ag leibhéal na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta araon. Is comórtas é atá iomlán roghnach agus ní haidhm dó ualach breise a chur ar scoileanna.

**3. Critéir**

Is é 2,000 focal an t-uasmhéid líon focal do thionscadail ag leibhéal na bunscolaíochta (.i. do thionscadail curtha isteach ag rang, grúpa daltaí nó dalta aonair), agus 4,000 focal ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta (.i. do thionscadail curtha isteach ag rang, grúpa daltaí nó dalta aonair).

Ní mór gach tionscadal a chur isteach mar dhoiciméad WORD. Ní ghlacfar le cur i láthair PowerPoint.

Déanfar moltóireacht ar thionscadail de réir na gcritéar seo a leanas:

- Tuiscint ar an duine, ar an eachtra nó ar an bhforbairt a roghnófar: an méid a thuigtear de dhíol suntais na heachtra/n-eachtraí nó den duine/de na daoine atá i gceist.
- Measúnú ar an duine, ar an eachtra nó ar an bhforbairt a roghnófar: A mhéad a scrúdaítear an tionchar a bhí ag an eachtra/na heachtraí nó ag an duine/na daoine atá i gceist ar an gceantar áitiúil.
- Cur i láthair: Ba chóir cur i láthair foriomlán an tionscadail a bheith comhsheasmhach agus beacht, faoi ardchaighdeán litearthachta. Cé nach éigeantach acmhainní ilmheáin amhail pictiúir a bheith mar chuid den tionscadal, d'fhéadfadh siad cur i láthair foriomlán an tionscadail a fheabhsú. Níl acmhainní den chineál seo a úsáidtear san áireamh maidir le líon iomlán focal an tionscadail.
- Taighde: An méid taighde atá léirithe sa tionscadal. Is féidir téacsleabhair scoile a úsáid mar thúsphointe don tionscadal ach caithfear cur leo trí úsáid foinsí eile. D'fhéadfaí doiciméid phríomha a thabhairt isteach sa tionscadal freisin nuair is féidir d'fhonn cur le cáilíocht an tionscadail (Ba chóir a chinntiú nach gcóipeálfar sleachta fada ó théacsleabhair nó ó fhoinsí eile agus nach gcuirfear an t-iomlán léir isteach sa tionscadal staire).
- Cáilíocht fhoriomlán: a mhéad a théann samhlaíocht an léitheora i ngleic leis an tionscadal.

Cé nach riachtanach, d'fhéadfaí cur leis an tionscadal trí thagairtí do réimsí eile den churaclam a bhaineann leis an ábhar a roghnófar. Mar shampla, d'fhéadfaí tagairtí do dhrámaíocht, d'ealaín, d'fhilíocht nó do litríocht na linne a úsáid le tionscadal staire a shaibhriú.

Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh tagairtí staire na bhfoinsí ar a bhfuil an tionscadal bunaithe a chuimsiú. Maidir le tionscadail ina ndéantar bradaíl (cóipeáil dhíreach) ó fhoinsí, ní bheidh siad incháilithe ar an gcomórtas a bhuachan. Ní mór leabharliosta a chuimsiú ag deireadh gach tionscadail agus na foinsí príomha agus tánaisteacha ar baineadh feidhm astu a liostáil. Níl an leabharliosta san áireamh sa líon iomlán focal.

Painéal de thriúr faoi chathaoirleacht Scoil na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a dhéanfaidh na tionscadail a mheasúnú. Ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó Chló Mercier na baill eile den phainéal.

## 4. Duaiseanna

Beidh 8 nduais ar fad ann. Is iad seo a leanas na duaiseanna:

- Catagóir 1916: 1 bhuaiteoir bunscoile agus 1 bhuaiteoir iar-bhunscoile
- Catagóir an Chéad Chogaidh Dhomhanda: 1 bhuaiteoir bunscoile agus 1 bhuaiteoir iar-bhunscoile
- Catagóir Na Mná i Ré na Réabhlóide: 1 bhuaiteoir bunscoile agus 1 bhuaiteoir iar-bhunscoile
- Catagóir Áitiúil nó Réigiúnach: 1 bhuaiteoir bunscoile agus 1 bhuaiteoir iar-bhunscoile

Is iad seo a leanas na duaiseanna a bhronnfar:

- trófaí Staire, le bronnadh ar gach buaiteoir
- mion-leabharlann ina bhfuil leabhair ó shuíomh gréasáin Chló Mercier (www.mercierpress.ie), dar luach iomlán €200 le bronnadh ar gach buaiteoir
- déanfar gach iontráil bhuacach a dhigitiú ar www.scoilnet.ie agus ar shuíomh gréasáin Chló Mercier
- Breithneofar buaiteoir amháin le haghaidh a bhfoilsithe ar *History Ireland agus* síntiús bliana do *History Ireland* (www.historyireland.ie)

Ba chóir a thabhairt do d'aire nach aon léiriú rath a bheith ar dhalta nó ar ghrúpa daltaí sa chomórtas uile-oileáin staire do scoileanna ar a bhfeidhmíocht i scrúdú stáit nó i gcomórtas ar bith eile.

## 5. Foinsí féideartha don tionscadal uile-oileáin staire

Tá réimse foinsí ar fáil le cuidiú le scoileanna taighde a dhéanamh ar thréimhse 1912-1922. Is túsphointe úsáideach taighde iad na foinsí eolais atá liostaithe thíos:

- Leabharlanna poiblí áitiúla: Tugann gach leabharlann phoiblí ar fud oileán na hÉireann deis teacht ar réimse d'fhoinsí tánaisteacha a thacaíonn le curaclam na staire. Tá catalóg ar líne ag gach leabharlann áitiúil ar féidir leabhair ábhartha, beathaisnéisí san áireamh, a chuardach ann. Tá áiseanna lárnacha ann freisin lena fháil amach an bhfuil leabhair áirithe ar fáil (www.borrowbooks.ie i bPoblacht na hÉireann agus www.ni-libraries.net i dTuaisceart na hÉireann).

- www.scoilnet.ie: Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) a mhaoiníonn an suíomh gréasáin seo agus is í an tSeirbhís Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) a chuireann ar fáil é. Cuirtear ar fáil air roinnt acmhainní luachmhara ar aidhm dóibh tacú le daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul i ngleic leis an gcuraclam bunscoile agus iar-bhunscoile.
- www.hist.ie: Is í ROS a mhaoiníonn an suíomh gréasáin seo freisin agus is trí SFGM a chuirtear ar fáil é. Tá sé dírithe go príomha ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí iar-bhunscoile (chomh maith le tuismitheoirí). Cuirtear ar fáil air roinnt acmhaínní ar líne a bhaineann le tréimhse 1912-1922 chomh maith le mór-acmhainn dar teideal *Discovering Women in Irish History.*
- www.dib.cambridge.org: Tá an *Dictionary of Irish Biography* ar an suíomh seo, an foclóir beathaisnéise is cuimsithí agus is údarásaí a foilsíodh riamh maidir le hÉirinn. Tá mionsonraí beathaisnéise ann ar bhreis agus 10,000 duine, lena n-áirítear ailt ar dhaoine a raibh gairmréim thábhachtach acu sa pholaitíocht, sa dlí, sa reiligiún, sa litríocht, san iriseoireacht, san ailtireacht, sna healaíona, sna heolaíochtaí agus sa spórt. Tá rochtain ar an DIB le fáil saor in aisce ar líne ag scoileanna, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection: Fianaise agus cuntais na gceannairí a tháinig slán, na hiarshaighdiúirí agus na hóglaigh a ghlac páirt in imeachtaí Éirí Amach 1916 agus ina dhiaidh, suas go dtí 1923, chomh maith lena lán cáipéisíocht eile a ghabhann leo a bailíodh ó na rannpháirtithe trí chnuasach ar leith an *Military Service (1916-23) Pensions Collection.*
- dh.tcd.ie/letters1916: Áirítear le tionscadal *The Letters of 1916/ Litreacha 1916*, litreacha atá i seilbh ag forais (in Éirinn agus thar lear), chomh maith leo siúd atá i gcnuasaigh phríobháideacha. Go dtí seo, tá breis agus 1,800 litir bailithe ina bhfuil trácht ar Éirí Amach na Cásca, ar litríocht agus ealaín, ar an gCogadh Mór, ar pholaitíocht, ar chúrsaí gnó agus ar an ngnáthshaol.
- www.100objects.ie: acmhainní ar líne do bhunscoileanna bunaithe ar nithe roghnaithe as *A history of Ireland in 100 objects*.
- www.nmni.com: Suíomh Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann ar a bhfuil naisc chuig Iarsmalann Uladh, Daon-Iarsmalann agus Iarsmalann Iompair Uladh agus Daon-Pháirc Uladh Mheiriceá, a bhfuil an iomad íomhánna, doiciméad agus eolais acu uile.
- www.nationalarchives.ie: Tá roinnt acmhainní digitithe a bhaineann le Conradh Angla-Éireannach 1921 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cartlainne Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Tá rochtain saor in aisce ar an suíomh freisin ar dhaonáireamh 1911. Lena chois sin, tá ráitis na bhfinnéithe ann ón *Bureau of Military History* do thréimhse 1912 go 1922.
- www.nli.ie: Tá treoir le fáil ar shuíomh gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do dhaltaí iar-bhunscoile ar an mbealach le húsáid a bhaint as an iomad acmhainní atá ar fáil sa leabharlann. Lena chois sin, tá cás-staidéir ar líne de Fhrithdhúnadh 1913 ar fáil, chomh maith le taispeántas ar líne a bhaineann le 1916.
- www.proni.gov.co.uk: Tairgeann Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann réimse d'acmhainní a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ag daltaí. Ina measc seo tá bunachar sonraí inchuardaithe de Chonradh agus Cúnant Sollúnta Uladh.
- http://www.cwgc.org/: Cuireann suíomh gréasáin Choimisiún Uaigheanna Cogaidh Chomhlathas na Breataine roinnt acmhainní ar fáil ar imeachtaí an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Cuireann sé ar fáil fosta bunachar sonraí inchuardaithe de shaighdiúirí a fuair bás agus iad ag troid in Arm na Breataine.
- http://www.bbc.co.uk/history/events/ulster_covenant: Cuireann suíomh idirlín BBC ar fáil roinnt acmhainní staire. Go háirithe, tá cuntas an-inléite air de

Chonradh agus Cúnant Uladh agus eolas ar an gcúlra agus ar imeachtaí eile a bhí ag titim amach ag an am sin.

- www.bbc.co.uk/history/british/easterrising/: Is suíomh ar leith é seo ar imeachtaí, croí-phearsana agus tionchar Éirí Amach 1916 agus áirítear leis agallaimh le finnéithe agus le staraithe.
- http://multitext.ucc.ie/d/The_Pursuit_of_Sovereignty__the_Impact_of_Partition_1912--1949: Sa tionscadal iltéacs ar stair na hÉireann atá ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, cuirtear ar fáil acmhainní a bhaineann le 'An tóir ar an bhflaitheas agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949.' Áirítear leo ábhar ar dhaoine, ar imeachtaí agus ar fhorbairtí atá ag croílár na ndeich mbliana ó 1912 go 1922.
- http://www.nmni.com/Home: Tá roinnt foinsí staire ar shuíomh gréasáin Iarsmalann Uladh lena n-áirítear rannóg ar leith ar imeachtaí 1912-1922. Ina measc tá rogha iontach d'íomhánna ón tréimhse úd.
- http://www.rte.ie/centuryireland/ : Is suíomh gréasáin é seo a dtacaíonn an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta leis agus ina gcuirtear ar fáil réimse d'acmhainní le tacú le taighde ar thréimhse 1912-1922.

**6. Cur isteach tionscadal agus fógairt na mbuaiteoirí**

Is é an 4ú Márta 2016 an dáta deiridh le haghaidh tionscadail chomhlánaithe agus fógrófar na buaiteoirí agus bronnfar na gradaim roimh dheireadh Bhealtaine 2016.

Caithfear tionscadail a chur isteach ar líne chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: historyaward@mercierpress.ie

**Ní mór go gcuimseofar** le gach tionscadal bileog chumhdaigh ar an tosach (tá teimpléad den bhileog chumhdaigh faoi iamh leis an litir seo agus tá sé ar fáil chomh maith le híoslódáil ag www.education.ie/historycompetition) agus leabharliosta ina liostófar na foinsí a úsáidfear.

**7. Ceisteanna**

Ba chóir aon cheist faoin gciorclán seo a sheoladh chuig historyaward@mercierpress.ie

**8. Ciorclaíocht**

Cuir an litir seo faoi bhráid an phríomhoide, na múinteoirí staire agus bhaill bhord bainistíochta na scoile.

**An Roinn Oideachais agus Scileanna,**
**Sráid Mhaoilbhríde,**
**Baile Átha Cliath 1**

**An Roinn Oideachais**
**Teach Ráth Giall**
**Bóthar Bhaile Aodha**
**Ráth Giall, Beannchar, BT19 7PR**

**Teimpléad den bhileog chumhdaigh a chaithfidh a bheith ar thosach gach tionscadail**

**Teideal an tionscadail:**

| |
|---|
| |

**An Chatagóir ar mian leat iarratas a chur isteach uirthi (.i. 'Deich mBliana de Chomóradh an Chéid', beathaisnéis, cúrsaí áitiúla/réigiúnacha, nó náisiúnta (sóisialta / cultúrtha san áireamh)**

| |
|---|
| |

**Ainm(neacha) an ranga / an ghrúpa daltaí / an dalta aonair atá ag cur isteach an tionscadail**

| |
|---|
| |

**Uimhir rolla Scoile (ba chóir í seo a thabhairt más féidir)**

| |
|---|
| |

**Seoladh na scoile (ní mór é seo a thabhairt fiú i gcás tionscadail curtha isteach ag grúpa daltaí nó ag dalta aonair):**

| |
|---|
| |

**Ainm mhúinteoir an ranga (ní mór é seo a thabhairt fiú i gcás tionscadail curtha isteach ag grúpa daltaí nó dalta aonair):**

| |
|---|
| |

**Uimhir theagmhála fóin:**

| |
|---|
| |

**Seoladh teagmhála ríomhphoist:**

| |
|---|
| |